II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2023/1116 ÓN gCOMHAIRLE

**an 25 Bealtaine 2023**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú maidir le fóirdheontais iascaigh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas ina Chomhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('EDT') a sheol Babhta Doha de na caibidlíochtaí trádála, ar a dtugtar 'Clár Oibre Doha um Fhorbairt', i mí na Samhna 2001. Ba é an cúram a bhí ar an gcaibidlíocht EDT maidir le fóirdheontais iascaigh Sprioc 14.6. de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(2) Rinne an Coimisiún caibidlíocht le Comhaltaí EDT eile i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 207(3) den Chonradh.

(3) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích ag an 12ú Comhdháil Aireachta EDT an 17 Meitheamh 2022. Ghlac an Chomhdháil sin an Prótacal lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('an Prótacal') agus dearbhaíodh go raibh sí oscailte lena glacadh ag Comhaltaí EDT.

(4) Cuimsíonn an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal an Comhaontú maidir le fóirdheontais iascaigh, ar comhaontú é a chuirfear isteach in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ar theacht i bhfeidhm an Phrótacail.

(5) Ba cheart an Prótacal a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo an Prótacal lena leasaítear Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('an Prótacal') thar ceann an Aontais ([2]).

([1]) Toiliú an 19 Aibreán 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Féach leathanach 3 den Iris Oifigiúil.

*Airteagal 2*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a bhfuil de chumhacht aige nó acu an ionstraim ghlactha dá bhforáiltear i mír 5 den Phrótacal a thaisceadh, thar ceann an Aontais ([3]).

*Airteagal 3*

Ní fhorléireofar aon ní sa Phrótacal mar ní lena dtugtar cearta nó lena bhforchuirtear oibleagáidí is féidir a agairt go díreach i gcúirteanna an Aontais nó na mBallstát.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. FORSSELL

([3]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.